Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Lúnasa 2025
(OR. en)

12057/25
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0233 (NLE)**

**JUSTCIV 142**
**CONSOM 152**
**MARE 31**
**COMER 114**
**RELEX 1063**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 24 Iúil 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 419 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis na hÉifeachtaí Idirnáisiúnta a bhaineann le Díol Breithiúnach Long, Coinbhinsiún arna ghlacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac an 7 Nollaig 2022 ('Coinbhinsiún Bhéising maidir le Díol Breithiúnach Long') |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 419 annex.

---

Faoi iamh: COM(2025) 419 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.7.2025
COM(2025) 419 final

ANNEX 1

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an togra le haghaidh**

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis na hÉifeachtaí Idirnáisiúnta a bhaineann le Díol Breithiúnach Long, Coinbhinsiún arna ghlacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac an 7 Nollaig 2022 ('Coinbhinsiún Bhéising maidir le Díol Breithiúnach Long')**

## Iarscríbhinn I

**Dearbhú faoi Airteagal 18(2) de Choinbhinsiún Bhéising maidir le Díol Breithiúnach Long a ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 7 Nollaig 2022 i Nua-Eabhrac, a bhaineann le hinniúlacht an Aontais Eorpaigh ar na hábhair sin atá faoi rialú an Choinbhinsiún sin ar aistrigh na Ballstáit a n-inniúlacht ina leith chuig an Aontas Eorpach**

Foráiltear le hAirteagal 18(1) de Choinbhinsiún Bhéising maidir le díol breithiúnach long ('an Coinbhinsiún') go bhféadfaidh Eagraíocht Réigiúnach um Chomhtháthú Eacnamaíochta atá comhdhéanta de Stáit cheannasacha agus a bhfuil inniúlacht aici maidir le hábhair áirithe a rialaítear leis an gCoinbhinsiún an Coinbhinsiún a shíniú. Foráiltear le hAirteagal 18(2) den Choinbhinsiún go bhfuil an Eagraíocht Réigiúnach um Chomhtháthú Eacnamaíochta le dearbhú a dhéanamh ina sonrófar na hábhair a rialaítear leis an gCoinbhinsiún ar ina leith a d'aistrigh na Ballstáit inniúlacht chuig an eagraíocht sin. Tá cinneadh déanta ag an Aontas Eorpach an Coinbhinsiún a shíniú agus leis seo tá an dearbhú sin á dhéanamh aige.

A mhéid a d'fhéadfaidís difear a dhéanamh do rialacha comhchoiteanna nó raon feidhme na ngníomhartha dlíthiúla dá dtagraítear i bpointí (1) agus (2) a athrú, is iad seo a leanas na hábhair atá faoi rialú ag forálacha an Choinbhinsiúin ar aistrigh Ballstáit an Aontais Eorpaigh inniúlacht ina leith agus a bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas Eorpach ina leith de réir bhrí Airteagal 3(2) CFAE:

1. Airteagal 9 den Choinbhinsiún ('Dlínse chun díol breithiúnach a sheachaint agus a chur ar fionraí') maidir leis na rialacha maidir le dlínse i Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála (IO L 351, 20.12.2012, lch. 1); agus
2. Airteagal 4 den Choinbhinsiún ('Fógra faoi dhíol breithiúnach') maidir leis na rialacha maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus sheachbhreithiúnacha a sheirbheáil in ábhair shibhialta nó thráchtála (doiciméid a sheirbheáil) i Rialachán (AE) 2020/1784 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2020 maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus sheachbhreithiúnacha a sheirbheáil sna Ballstáit in ábhair shibhialta nó thráchtála (IO L 405, 2.12.2020, lch. 40).

Inniúlacht an Aontais Eorpaigh, de bhun an Chonartha ar an Aontas Eorpach (CAE) agus an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), is rud í, de bharr a cineáil, a d'fhéadfaí a fhorbairt go leanúnach. Faoi chuimsiú na gConarthaí, féadfaidh na hinstitiúidí inniúla cinntí a ghlacadh ina gcinnfear raon inniúlacht an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, coimeádann an tAontas Eorpach an ceart an dearbhú seo a leasú dá réir sin, gan aon leasú den sórt sin a bheith ina réamhriachtanas chun a inniúlacht a fheidhmiú i ndáil le hábhair atá faoi rialú an Choinbhinsiúin.

Sonraíonn an tAontas leis seo go mbeidh feidhm ag an gCoinbhinsiún, ó thaobh inniúlacht an Aontais de, maidir le críocha na mBallstát ina gcuirtear CAE agus CFAE i bhfeidhm de bhun Airteagal 52 CAE agus faoi na coinníollacha a leagtar síos, *inter alia*, in Airteagal 355 CFAE.